



Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhórbairt Náisiúnta

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2009

ÁBHAIR

BAILL AN BHOIRD	3
An GAFN – RÓL AGUS FEIDHMEANNA	5
FORBHREATHNÚ 2009	6
DUL CHUN CINN TIONSCADAL A MBAINEANN AN GAFN LEO:	
MAR ÚDARÁS SOLÁTHAIR AGUS MAR CHOMHAIRLEOIR AIRGEADAIS	10
MAR CHOMHAIRLEOIR AIRGEADAIS	14
RIALACHAS NA GAFN	19
FO-SCRÍBHINNÍ	
LIOSTA ÚDARÁIS STÁIT	21
RÁITIS AIRGEADAIS	23



Gníomhaireacht Náisiúnta
d'Fhorbairt Airgeadais

National Development
Finance Agency

30 Meitheamh 2010

An tUasal Brian Lenihan TD
An tAire Airgeadais
Tithe an Rialtas
Sraid Mhuirfean Uachtarach
Baile Átha Cliath

A Aire, a chara,

Tá sé d'onoir agam Turascáil agus Cuntais Gníomhaireacht Náisiúnta d'Fhorbairt Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009 a chur faoi do bhráid.

Is mise le meas

John C. Corrigan
Cathaoirleach

BAILL AN BHOIRD



John C. Corrigan (Cathaoirleach)

Príomhfheidhmeannach

Gníomhaireacht Bainistíochta An Chisteain Naisiunta (NTMA)

Brian Murphy (Príomhfheidhmeannach Feidhmiúcháin)

Stiúrthóir

Gníomhaireacht Bainistíochta An Chisteain Naisiunta (NTMA)



Fred Barry

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta

Liam Berney

Oifigeach Tionsclaíoch

Comhdháil na gCeardchumanns

Ann Fitzgerald

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

An Gníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí

Stewart Harrington

Stiúrthóir

Killeen Properties Limited


Tony Jones

Comhairleach Gnó

Peter McManamon

Cathaoirleach

Ceva Inc



Bhuail an Bord le chéile 6 huairé i rith 2009.



AN GHNÍOMHAIREACHT AIRGEADAIS D'FHORBAIRT NÁISIÚNTA – RÓL AGUS FEIDHMEANNA

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (GAFN) ar 1 Eanáir 2003 de réir an Achta um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, 2002, chun seirbhís chomhairleach airgeadais a sholáthar d'Údarás Stáit maidir le tionscadail chaipitiúla atá os cionn méid áirithe - €30 milliún i láthair na huair - faoi threoirínthe a bhíonn eisithe ag an Aire Airgeadais. Is gá gach tionscadal atá á sholáthar trí Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha (CPPanna) a chur ar aghaidh chuig an GAFN le haghaidh comhairle, beag beann ar a mhéid. Cuireann an GAFN a feidhmeanna i gcrích trí Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN)

Sular bunaíodh GAFN, ní raibh aon saineolas seanbhunaithe airgeadas tionscadal ann a bhí ar fáil don Rialtas. Ina áit sin, thugtaí grúpaí comhairleach agus saineolaithe eile le chéile chun comhairle a chur ar fáil ar thionscadail aonair. Nuair a chríochnaítí gach tionscadal, chuirte deireadh leis an bhfoireann tionscadail agus chaillte an corpas eolais agus an saineolas taobh istigh den tseirbhís phoiblí, nach mór.

Tá sé d'údarás dlíthiúil ag an GAFN suas le €5 bhilliún a fháil ar iasacht agus a réamhíoc maidir le tionscadail atá faofa ag Údarás Stáit ar bith, chun comhlachtaí a chruthú ar mhaithe le maoiniú tionscadal infheistíochtaí poiblí agus chun airgead a réamhíoc lena leithéid de chomhlachtaí. Níor ghá maoiniú a sholáthar go díreach go dtí seo.

Rinne an tAcht um GAFN (Leasú), 2007, leathnú suntasach ar ról na Gníomhaireachta chun soláthar iarbhír na dtionscadal caipitil poiblí CPP go léir a chuimsiú, seachas tionscadail iompair, rudaí atá á sholáthar cheana i sainorduithe na nÚdarás Stáit iompair bainteach agus CPPanna na n-údarás áitiúil. Cuireann an fheidhm sholáthair leis an bhfeidhm comhairle airgeadais atá bunaithe cheana féin taobh istigh den GAFN agus bíonn sé á rialú chomh maith le treoirínthe a bhíonn eisithe ag an Aire Airgeadais.

Is é líon iomlán na foirne sa GAFN ná 47 faoi láthair, a bhfuil thart ar leath acu sin ag soláthar seirbhísí comhairle airgeadais agus leath acu ag soláthar seirbhísí bainistíochta tionscadal.

Ar na príomhsheirbhísí a sholáthraíonn an GAFN tá:

- comhairle airgeadais, ar rioscaí agus árachais
- ullmhú Thagarmharcáil na hEarnála Poiblí
- ullmhú doiciméid chonartha
- oscailt an tionscadail le haghaidh tairiscintí
- réamhcháiliú na gcuibhreas forthairgeora
- measúnú tairiscintí
- roghnú na dTairiscintí Tosaíochta
- idirbheartaíocht chonartha
- measúnú ar Luach ar Airgead
- síniú conarthaí CPP ar son na Roinne Rialtais/Gníomhaireachta Stáit
- monatóireacht thógáil an tionscadail
- riar an chonartha go dtí an “chéim lándéanta” agus tabhairt ar ais i rith idirthréimhse chéimnitheach don Ghníomhaireacht Urraíochta.

Agus a dualgais á gcur i gcrích, is gá don GAFN an aird chuí a thabhairt ar an treorú agus ar na treoracha a bhíonn eisithe ag an Aire Airgeadais maidir le maoiniú agus soláthar tionscadail infheistíochta poiblí, go háirithe *Na Treoirínthe ar Mheasúnú agus ar Bhainistíocht Tograí Caiteachas Caipitil san Earnáil Phoiblí* (2005), *an Creat-Pholasáí Náisiúnta Soláthair* (2005), *na Treoirínthe ar Sholáthar Bonneagair agus ar Infheistíochtaí Caipitil trí Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha* (2006) agus *an Creat do Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha* (2001).

FORBHREATHNÚ 2009

Chríochnaigh an GAFN a comhairle ar 48 tionscadal a raibh comhluach caipitil de bhreis is €6.5 billiún ag baint leo agus a bhfuil 26 ceann acu ina CPPanna. Tá an GAFN ag obair i láthair na huaire ar bhreis is 50 tionscadal gníomhach i gcomhar leis na Ranna/Gníomhaireachtaí Urraíochta.

Chomh maith le comhairle airgeadais a sholáthar le haghaidh na dtionscadal go léir a cuireadh ar aghaidh chuici, is í an GAFN an t-údarás sainithe soláthair le haghaidh aon cheann déag de na tionscadail seo chomh maith. Ar na haon tionscadal déag seo, tugadh ceithre cinn acu don GAFN go foirmiúil le bheith soláthartha – cuimsíonn sé seo dhá thacar dhiscréideacha scoileanna, athfhorbairt an Cheolárais Náisiúnta agus an chéad tacar d'Institiúidí Tríú Leibhéal.

Rinne an GAFN dul chun cinn i gcuid mhór réimsí i rith 2009 agus sa chéad chuid de 2010, arbh iad seo a leanas cuid de na buaicphointí::

- Críochnaíodh an Chéad Tacar Scoileanna a cuireadh ar aghaidh chuig an GAFN le bheith soláthartha ó thaobh airgeadais de i Márta 2009. Soláthróidh na ceithre scoil seo i gContaetha Laoise agus Uíbh Fhailí 2,700 spás do dhaltaí. Tá cuid mhaith den obair thógála déanta ar na suíomhanna go léir agus tá na scoileanna seo le bheith á n-úsáid faoi Mheán Fómhair 2010.

- Críochnaíodh an Dara Tacar Scoileanna a cuireadh ar aghaidh chuig an GAFN ó thaobh airgeadais de i Meitheamh 2010. Tosaíodh an obair thógála ar na suíomhanna go léir díreach tar éis don chonradh a bheith sínithe. Soláthróidh na sé scoil seo cóiríocht do thuairim is 4,700 dalta agus tá siad le bheith á n-úsáid faoi Shamhain 2011.

- Tugadh an Ceoláras Náisiúnta ar aghaidh don GAFN le haghaidh soláthair i mBealtaine 2008. Bhí sé mar thoradh ar an luaineacht leanúnach sa mhargadh creidmheasa go raibh dúshlán i gceist leis an soláthar seo agus chuir an GAFN tús le hathrú ar an nós imeachta soláthair, le cinntiú go raibh an comórtas in ann leanúint ar aghaidh. Cuireadh beirt iarrthóirí ar ghearrliosta agus rinneadh measúnú ar thairiscintí. Táthar ag súil le cinneadh ón Roinn Urraíochta go luath.

- Cuimsíonn an Chéad Tacar d'Institiúidí Tríú Leibhéal áiseanna oideachais ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Ollscoil Luimnigh agus Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, in éineacht le háiseanna nua in Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. Tugadh é ar aghaidh don GAFN le bheith soláthartha in Iúil 2009. Cuireadh tríúr iarrthóirí ar ghearrliosta agus tá na tairiscintí deiridh le bheith seolta isteach in Iúil 2010. Táthar ag súil leis go dtarlóidh bronnadh an chonartha sa chuid luath de 2011.



Eisíodh tuairimí maidir le Luach ar Airgead i gcás na dtionscadal seo a leanas i rith 2009 agus 2010 go dtí seo:

- An chéad Tacar Scoileanna
- An Dara Tacar Scoileanna
- An Córas Íomháithe Leighis Náisiúnta Comhtháite (CÍLNC)
- Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann
- Limistéir Seirbhíse Mótarbhealaí
- Scéim Chóireála Fuíolluisce Chomhairle Contae Fhine Gall
- Líonra Achar Cathrach 2
- Dílárú i Lár na Tíre

Tá réimse leathan na dtionscadal a soláthraíonn an GAFN comhairle ina leith léirithe leis na tionscadail seo, a bhfuil meascán de CPPanna agus de thionscadail thraidisiúnta i gceist leo, in earnálacha atá chomh hilghnéitheach le hoideachas, sláinte, iompar, comhshaol agus cumarsáid.

Leanann an GAFN de chomhairle airgeadais a sholáthar ar roinnt tionscadail bhonneagair ardphróifíle. Ina measc seo tá an Meitreo Thuaidh, an DART Faoi Thalamh agus Campas Príosúin Halla Bhaile na Sceach. Feidhmíonn an GAFN mar chomhairleoir airgeadais do FSS ar roinnt tionscadail shuntasacha sláinte, amhail an tOspidéal Náisiúnta Pédiatraiceach. Chomh maith leis sin, tá an GAFN ag obair go dlúth le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus le húdaráis áitiúla eile ar roinnt tionscadal sna hearnálacha dramhaíola agus uisce.



Coimisiúnaíodh roinnt tionscadal i rith 2009 agus 2010 ar sholáthair an GAFN comhairle orthu:

- Osclaíodh na Cúirteanna Ceartais Coiriúla i Samhain 2009 agus iad críochnaithe 3 mhí chun tosaigh ar an sceideal.
- Tá an Lárionad Tionóil ollmhór i mBaile Átha Cliath le bheith á fheidhmiú i Lúnasa 2010. Tá an foirgneamh faoi úinéireacht an Stáit agus tá sé á fheidhmiú ar son an Stáit ag cuibhreasann earnála príobháidí ar feadh tréimhse chonartha 25 bliain agus beidh sé á fheidhmiú ag an Stát arís ag deireadh na tréimhse seo.
- D'oscail an Taoiseach Staid nua Aviva ar Bhóthar Lansdún go hoifigiúil i mBealtaine 2010. Sholáthair an Stát €191 milliún de mhaoiniú don fhorbairt agus rinne an GAFN a dícheall cúí san idirbheart ar son na Roinne Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt.
- Maidir le cúrsaí sláinte, cuireadh tús le cur i bhfeidhm an Chóras Íomháithe Leighis Náisiúnta Chomhtháite (CÍLNC) agus soláthróidh sé réiteach comhtháite bainistíochta eolais gan scannán ná páipéar le haghaidh íomháu raideolaíochta agus cairdeolaíochta ar bhonn náisiúnta. s.
- Mar a luadh thuas, tá an Chéad Tacar Scoileanna le bheith ar oscailt i Meán Fómhair 2010.



An Timpeallacht Dhúshlánach Mhargaidh Faoi Láthair

Bhí drochthionchar ag an ngéarchéim dhomhanda airgeadais ar an maoiniú atá ar fáil do na hinfheistíochtaí go léir, lena n-áirítear tionscadail CPP sna tíortha go léir. Ó thosaigh an ghéarchéim airgeadais, níl na bainc sásta téarmaí a shocrú ar feadh tréimhse níos faide ná dhá nó trí mhí. Tháinig laghdú suntasach ar líon na mbanc atá ag soláthar maoiniú do thionscadail bhonneagair, cé gur tugadh feabhsú áirithe faoi deara i rith na chéad choda de 2010.

Rinne an GAFN monatóireacht dhlúth ar na forbairtí seo ar son na gcliant atá aici agus thug sí freagra forghníomhach ar na dúshláin. Tugadh comórtas maoinithe Forthairgeoir Tosaíochta isteach i gcás roinnt soláthairtí, rud a chuireann gealltanais daingean maoinithe siar go dtí go mbeidh Forthairgeoir Tosaíochta roghnaithe, le dul i ngleic lena leithéid de dheacrachtaí maoinithe. Ciallaíonn sé seo go mbíonn ar na bainc réiteach maoinithe a sholáthar don Fhortairgeoir Tosaíochta, in áit grúpaí banc ar leith a bheith ag maoiniú gach fortháirgeoira agus maolaíonn sé doichead na mbanc téarmaí seasta a shocrú ar feadh tréimhse fhada. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an GAFN ar úsáid na gcomórtas maoinithe seo ar bhonn leanúnach le cinntiú gurb é an cur chuige is fearr chun Luach ar Airgead a chur ar fáil don chás atá ann faoi láthair. Tá sé seo i gcomhréir leis an gcur chuige ar glacadh leis i dtíortha eile de chuid an AE.

Réimse tábhachtach d'obair na GAFN, go háirithe sa chás atá ann faoi láthair, ná measúnú staid airgeadais bhaill an chuibhreannais a roghnaíodh chun tionscadail bhonneagair a sholáthar. Chomh maith le measúnú dian réamhcháiliúcháin, tá bannaí feidhmíochta agus cosaint chonartha cuimsithe sna comhaontuithe dlíthiúla a sholáthraíonn cosaint don Stát i gcás dócmhainneachta nó loiceadh.

Breathnaítear go forleathan ar mhúnla na CPP mar mhúnla láidir agus tháinig CPPanna bonneagair slán ó na deacrachtaí eacnamaíocha atá ann faoi láthair ar bhonn níos fearr ná an chuid is mó aicmí sócmhainní eile. Scaoileann CPPanna éifeachtúlacht agus acmhainneacht nuálaíochta na hearnála príobháidí. Soláthraíonn na socruithe roinnte rioscaí taobh istigh de CPP modh chun dreasachtaí a chruthú don dá pháirtí chun éifeachtúlacht tionscadal a mhéadú. Tacaíonn polasaí an AE le CPPanna – tá cur síos air seo i ráiteas cuimsitheach ó Shamhain 2009 ó Choimisiún an AE. Déanann an ráiteas cur síos ar thacaíocht an Choimisiúin do CPPanna mar fheithicil le tacú le soláthar bonneagair agus chun infheistíocht phríobháideach agus phoiblí a spreagadh le haghaidh téarnaimh agus athrú fadtéarmach struchtúrtha.

Níl amhras ar bith ann ná go mbeidh tionchar ag an staid dhúshlánach fhioscach ina bhfuil Éire ar chaiteachas caipitil go meántéarmach. Ar na tairbhí tábhachtacha a bheidh ann don náisiún má leantar den chlár caipitil tá soláthar fostaíochta, coinneáil scileanna agus saineolais agus na tairbhí bainteacha airgeadais agus eacnamaíocha a sholáthraíonn a leithéid de spreagadh don gheilleagar. Scaipeann CPPanna costas maoinithe bonneagair trí shaolré na sócmhainne. Ciallaíonn sé seo gur féidir tionscadail chaipitil a thosú agus a gcostas a scaipeadh trí roinnt blianta, i gcomhréir le tréimhse sholáthar na dtairbhí ón tsócmhainn.

Forbairt thábhachtach a tharla le déanaí maidir le CPPanna na hÉireann ná fógart an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) i mBealtaine 2010 go bhfuil sé i gceist aige tacú le tionscadal an Mheitreo Thuaidh le suas le €500 milliún de mhaoiniú. Tá an BEI ar cheann de mhaoinitheoirí an Dara Tacar Scoileanna chomh maith agus tá sé páirteach sa Dara Clár CPP Bóithre de chuid an Údaráis um Bóithre Náisiúnta agus tá tionscadail fhéideartha eile á bhfiosrú aige in Éirinn. Is vóta muiníne é an tacaíocht seo do CPPanna in Éirinn.

DUL CHUN CINN TIONSCADAL A MBAINEANN AN GAFN LEO MAR ÚDARÁS SOLÁTHAIR AGUS MAR CHOMHAIRLEOIR AIRGEADAIS

Clár CPP Oideachais

Clár CPP Scoileanna

Tá trí thacar ann atá aitheanta go dtí seo mar chuid den phlean atá ag an Roinn Oideachais agus Scileanna 23 meánscoil nua agus 4 bhunscoil nua a sholáthar trí CPP. Tá comhairle airgeadais á cur ar fáil ag an GAFN agus tá sí freagrach as gach réimse de sholáthar na dtionscadal ar leith taobh istigh den chlár seo ar luach €300 milli.

An Chéad Tacar Scoileanna

Cuimsíonn tacar CPP deartha, tógála, maoinithe agus cothabhála (DTMC) na gCéad Scoileanna athsholáthar sé scoil atá ann cheana agus ceithre scoil nua a bheidh suite i Laois agus in Uíbh Fhailí. Soláthrófar 2,700 spás do dhaltai sna scoileanna seo.

Cuireadh críoch airgeadais leis an tionscadal seo in éineacht le Macquarie Partnerships for Ireland, Forthairgeoir Tosaíochta, i Márta 2009. Cuireadh tús leis an obair ar na suíomhanna go léir díreach i ndiaidh bhronnadh an chonartha agus tá obair na scoileanna ag cloí leis an sceideal don dáta oscailte i Meán Fómhar 2010.

Tá riar na céime tógála den chonradh CPP á chur chun cinn ag an GAFN sula dtabharfar na scoileanna críochnaithe ar ais don Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá an GAFN freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar na scoileanna, lena n-áirítear maoirseacht an phróisis deimhniúcháin a léiríonn comhlíonadh riachtanais an chonartha.



An Dara Tacar Scoileanna

Is éard atá i gceist leis an Dara Tacar ná sé scoil i gCorcaigh, Luimneach, i gCill Dara, i gCill Mhantáin agus sa Mhí ina soláthrófar cóiríocht do thuairim is 4,700 dalta. Thug an Roinn an tionscadal seo don GAFN le bheith soláthartha i mBealtaine 2008.

Ceapadh Macquarie Partnerships for Ireland mar Fhorthairgeoir Tosaíochta i nDeireadh Fómhair 2009, tar éis próiseas iomaíoch tairiscintí poiblí. Cuireadh críoch airgeadais leis agus bronnadh an conradh i Meitheamh 2010. Ionas gur féidir dul i ngleic leis an luaineacht leanúnach sa mhargadh creidmheasa agus chun dul chun cinn an tionscadail a chinntiú, tá comórtas maoinithe rathúil Fhorthairgeoir Tosaíochta curtha i bhfeidhm ag an GAFN chun maoiniú bainc a bhaint amach. Rinneadh dul chun cinn sásúil maidir leis seo, rud a chuimsigh comhcheangal dhá bhanc tráchtála agus an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta. Tá tús curtha le hobair thógála ar na suíomhanna go léir agus tá monatóireacht á déanamh uirthi ag an GAFN.



An Tríú Tacar Scoileanna

Cuimsíonn an Tríú Tacar Scoileanna ocht scoil i gContaetha Dhún na nGall, na Gaillimhe, Liatroma, Luimnigh, Phort Láirge, na hIarmhí agus Loch Garman. Tá cuid mhaith obair réamhsholáthair agus phleanála déanta ag an GAFN le tacú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna leis an tionscadal seo. Cuimseoidh sé comhcheangal scoileanna nua agus athsholáthair agus soláthróidh sé cóiríocht do thuairim is 5,600 dalta. Tá an NDFA ag súil leis gur féidir an tionscadal a thabhairt chun margaidh in Iúil 2010.

Clár CPP Oideachais Tríú Leibhéal

Tá tús curtha le pleanáil tionscadail agus le gníomhaíochtaí réamhsholáthair anois le haghaidh ullmhú clár €250 milliún de thionscadail chóiríochta tríú leibhéal. Soláthróidh an GAFN comhairle airgeadais ar na tionscadail CPP seo, chomh maith lena soláthar a bhainistiú ar son an Aire Oideachais agus Scileanna. Tá sé i gceist go mbeadh suas le 15 thionscadal forbartha ar leith ar fud 9 suíomh campais ar leith curtha le chéile i dtrí chonradh CPP ar leith.

An Chéad Tacar d'Áiseanna Oideachais Tríú Leibhéal

Tugadh an Chéad Tacar d'Institiúidí Tríú Leibhéal don GAFN le haghaidh soláthair in Iúil 2009 agus tá sé ag dul ar aghaidh bonn ar aon. D'éisigh an GAFN Cuireadh Idirbheartaíochta i Nollaig 2009 don tríú iarrthóirí ar an ngearrliosta agus tá na tairiscintí deiridh le bheith seolta isteach in Iúil 2010. Táthar ag súil leis go gceapfar an Fhorthairgeoir Tosaíochta ar ball i rith 2010 agus táthar ag súil le bronnadh an chonartha sa chuid luath de 2011, faoi réir fháil na gceadanna iomlána éagsúla pleanála.

An Dara agus an Tríú Tacar

Tá an obair sholáthair ar an dara tacar, rud a chuimsíonn cúig fhoirgneamh ag Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta agus Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, tá sí críochnaithe nach mór. Tugadh ceadanna imlíneacha pleanála don dá shuíomh. Tabharfar an tionscadal don GAFN go foirmiúil le bheith soláthartha nuair a bheidh Tagarmharcáil na hEarnála Poiblí críochnaithe agus na ceisteanna polasaí uile réitithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Tosaíodh an obair réamhsholáthair ar an tríú tacar agus an tacar deiridh, rud a chuimsíonn ceithre fhoirgneamh ag Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe/Mhaigh Eo, Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach agus OÉ, Má Nuad, i Nollaig 2009 le forbairt na ndoiciméad le haghaidh cead imlíneach pleanála agus sonraíochtaí aschuir. Táthar ag súil leis go dtabharfar an tionscadal don GAFN le bheith soláthartha ar ball i rith 2010.

* Is luach airgeadaíochta aonair é Tagarmharcáil na hEarnála Poiblí (TEP) arb ionann í agus an costas iomlán measta, le hioncam agus rioscaí san áireamh, ar an Údarás Stáit chun an tionscadal a sholáthar agus soláthar "traidisiúnta" na hearnála poiblí á úsáid.



Turasóireacht, Cultúr agus Spóirt

Athfhorbairt an Cheolárais Náisiúnta

Tugadh an tionscadal tábhachtach cultúrtha agus turasóireachta seo ar aghaidh ón Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt chuig an GAFN le bheith soláthartha i rith 2008. Cuirtear breis is 500 ócáid cheoil i láthair sa Cheoláras Náisiúnta (CN) go bliantúil do bhreis is 300,000 duine agus tá sé mar ionad ag Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ. Tá sé i gceist go soláthroidh athfhorbairt an CN trí halla éisteachta ar leith ach iad a bheith nasctha, lena n-áireofar halla éisteachta nua do cheolchoirmeacha ina mbeidh 2,050 suíochán. Cuireadh beirt iarrthóirí ar ghearrliosta agus rinneadh measúnú ar thairiscintí. Táthar ag súil le cinneadh go luath ón Roinn Urraíochta.

Athfhorbairt Amharclann na Mainistreach

Tá athfhorbairt Amharclann na Mainistreach á moladh, rud a chuimseoidh teach drámaí nua atá níos mó agus dhá amharclann atá níos lú, a mbeadh Amharclann nua na Péacóige ar cheann acu. Tá ceist shuíomh na hamharclainne á measúnú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt.

Tá socrúithe á gcur i gcrích ag Oifig na nOibreacha Poiblí le haghaidh comórtas idirnáisiúnta deartha mar réamhtheachtaí fhorbairt an Tionscadail i bhfoirm CCP. Tá an tionscadal le bheith tugtha don GAFN tar éis do na ceisteanna polasaí agus suímh go léir a bheith réitithe agus tar éis do Thagarmharcáil na hEarnála Poiblí agus sonraíochtaí aschuir don tionscadal a bheith críochnaithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt.

Ceartas agus Athchóiriú Dlí

Tacar Títhe Cúirte

Tá Seirbhís na gCúirteanna ag pleanáil le haghaidh athfhorbairt trí shuíomh cúirte i gCorcaigh, Leitir Ceanainn agus Luimneach. Cuimseoidh an tionscadal soláthar Cúirteanna nua Dúiche, Cuarda agus Príomhchúirte Coiriúla.

Tá an tionscadal ag an gcéim mheasúnaithe mhionsonraithe agus measúnaithe CPP faoi láthair. Sholáthair an GAFN comhairle airgeadais ar an measúnú mionsonraithe agus leanfaidh sí de réimse iomlán na comhairle airgeadais a sholáthar i rith an tionscadail.



Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

An Plean Náisiúnta d'Oinceolaíocht Raideolaíochta

Cuimsíonn an Plean Náisiúnta d'Oinceolaíocht Raideolaíochta (PNOR) cur ar fáil líonra áiseanna do sholáthar seirbhíse oinceolaíochta raideolaíochta i roinnt ionad in Éirinn mar chuid den Chlár Náisiúnta Rialaithe Ailse.

Cuimsíonn an PNOR dhá phríomhshruth oibre, darb ainm Céimeanna 1 agus 2. Baineann Céim 1 le háiseanna atá le bheith soláthartha trí mhodhanna traidisiúnta agus baineann Céim 2 le háiseanna atá le bheith soláthartha ag CPP. Tabharfar Céim 2 den tionscadal seo don GAFN le bheith soláthartha. Tá cuid mhaith den tógáil déanta ar an dá shuíomh ospidéil i gCéim 1 ag Ospidéal San Séamas agus Ospidéal Beaumont agus tá sé le bheith críochnaithe ag deireadh 2010.

Tá an GAFN ag obair go dlúth leis an gClár Náisiúnta Rialaithe Ailse ar Thionscadal Chéim 2 agus í ag soláthar na comhairle riachtanaí ar airgeadas agus ar bhainistíocht tionscadail don tionscadal casta seo. Críochnaíodh Tagarmharcáil na hEarnála Poiblí in Aibreán 2010. Táthar ag súil leis go dtabharfar an tionscadal don GAFN i rith an dara cuid de 2010 le bheith soláthartha. Tá an tionscadal ag cloí leis an sceideal chun an líonra iomlán seirbhíse a sholáthar faoi 2014.

DUL CHUN CINN TIONSCADAL A MBAINEANN AN GAFN LEO MAR CHOMHAIRLEOIR AIRGEADAIS

Iompar – Iarnród

An Meitreo Thuaidh

Beidh líne phleanáilte 18km an Mheitreo Thuaidh ina nasc idir Sord agus Faiche Stiabhna i lár Bhaile Átha Cliath, freastalóidh sé ar Aerfort Bhaile Átha Cliath agus soláthróidh sé nasc tábhachtach comaitéireachta ar thaobh thuaidh Bhaile Átha Cliath. Beidh an Meitreo ina aomhal le líne Dhearg agus Ghlas LUAS, leis an DART agus le seirbhísí bruachbhailteacha iarnróid.

Tá an tionscadal roinnte ina dhá chonradh. Beidh struchtúr deartha, tógála, cothabhála agus airgeadais i gceist leis an gconradh bonneagair agus cuimseoidh sé an bonneagar agus an rothstoc go léir. Cuimsíonn an conradh oibriúcháin cothabháil éadrom agus oibriú an Mheitreo.

Bhí aighneachtaí tairisceana faighte ag an nGníomhaireacht um Fháil Iarnróid (GFI) ó na cuibhreannais ar an ngearrliosta i bhFeabhra 2009. Roghnaíodh dhá cheann de na cuibhreannais (Celtic Metro Group agus Metro Express) ansin le bheith páirteach i gcéim na Tairisceana is Fearr agus Deiridh (TIFD). In Aibreán 2009, cuireadh Éisteacht Phleanála an Mheitreo Thuaidh ó Bhéal ar athló go sealadach. Táthar ag súil leis go dtosóidh an próiseas tairiscintí arís faoi réir fháil an Ordaithe Iarnróid (cead pleanála) sa tríú ráithe de 2010. Tá an chríoch airgeadais sceidealta le haghaidh 2011. I mBealtaine 2010, d'aontaigh an Banc Eorpach Infheistíochta i bprionsabal suas le €500 milliún a sholáthar de mhaoiniú bainc don tionscadal.

An Meitreo Thiar

Tá an Meitreo Thiar mar chuid de chlár infheistíochta an Rialtais darb ainm Iompar 21 (<http://www.transport21.ie>). Beidh an chonair bhealaigh tosaíochta don tionscadal seo ina nasc idir Tamhlacht, Cluain Dolcáin agus Baile Bhainséir agus

beidh sé ina aomhal le líne dhearg LUAS, línte bruachbhailteacha iarnróid Chill Dara agus Mhaigh Nuad agus leis an Meitreo Thuaidh.

Tá tús curtha le hullmhú Thagarmharcáil na hEarnála Poiblí. Táthar ag súil leis go seolfar iarratas an Ordaithe Iarnróid chuig an mBord Pleanála ag am níos déanaí i rith 2010.

An DART Faoi Thalamh (Stáisiún Heuston go dtí Dugthailte)

Is dara líne ardoillte DART é an DART Faoi Thalamh, a bheidh ag feidhmiú faoin talamh trí lár na cathrach. Soláthróidh sé an líonra iarnróid ar a mbeidh toilleadh feabhsaithe a chabhróidh le méadú suntasach ar líon na draenacha a bheidh in ann feidhmiú ar na bealaí iarnróid go léir a théann isteach i mBaile Átha Cliath. Beidh sé de thuilleadh ann seirbhísí DART 20 traein in aghaidh na huaire a oibriú i ngach treo agus tá sé thart ar 8.7km ar fad agus é ag dul ó Dhugthailte go stáisiún nua in Inse Chór.

Tá an GAFN ag cabhrú le CIÉ/Iarnród Éireann i láthair na huaire chun an clár rioscaí agus an Tagarmharcáil Earnála Poiblí a chur i dtoll a chéile. Chabhraigh an GAFN le taighde margaidh a dhéanamh, rud a rinneadh chun an tsuim sa struchtúr molta tráchtála a dhearbhu agus chun struchtúr a bhunú a thairgfeadh an Luach is fearr ar Airgead. Foilsíodh fógra conartha agus ceistneoir réamhchálíúcháin IOAE (OJEU) don tionscadal i mBealtaine 2010. Tá an t-iarratas ar an Ordú Iarnróid le bheith seolta isteach faoi dheireadh Mheithimh i rith 2010.

The application for the Railway Order is due to be submitted at end June 2010.



Lompar – Bóithre

Limistéir Seirbhíse Mótarbhealaí

Tá na Limistéir Seirbhíse Mótarbhealaí á soláthar ag an Údarás um Bóithre Náisiúnta (UBN) le freastal ar úsáideoirí uile na mbóithre atá ag iarraidh a scíth a ligean i rith a dturas agus/nó úsáid a bhaint as áiseanna breosla, leithris agus bia. Seo céim thábhachtach chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú.

Soláthraíonn an chéad ghrúpa de thrí limistéar seirbhíse a bhí soláthartha dhá limistéar seirbhíse ar mhótarbhealach an M1 agus ceann amháin ar an M4. Ceapadh the Superstop Consortium, Forthairgeoir Tosaíochta, i Lúnasa 2009 agus cuireadh críoch airgeadais leis go gairid ina dhiaidh sin i nDeireadh Fómhair 2009. Seo tionscadal deartha, tógála, oibriúcháin agus airgeadais agus bhí sé ar an gcéad tionscadal mór in Éirinn a bhí soláthartha ag nós imeachta na Dialóige lomaíche.

An Dara Clár CPP Bóithre

Tá ceithre scéim ann i láthair na huairé i nDara Clár CPP Bóithre an Údaráis um Bóithre Náisiúnta. Feabhsóidh na scéimeanna seo sábháilteacht go mór, laghdóidh siad amanna taistil agus feabhsóidh siad nascacht taobh istigh de na réigiúin ina bhfuil siad suite. Tá an Banc Eorpach Infheistíochta páirteach sa chlár seo agus tá an chéad trí cinn acu seo á soláthar anois.

Scéim an N17/N18 (An Gort go dtí Tuaim)

Soláthróidh an tionscadal seo 57 ciliméadar de mhótarbhealach agus de dhébhealach mar chuid de nasc bóithre ar ardchaighdeán idir Leitir Ceanainn agus Port Láirge (Conair an Atlantaigh), rud atá ina chuspóir ar leith sa Phlean Forbartha Náisiúnta. Soláthraíodh doiciméid tairisceana in Iúil 2009 do na ceathrar iarrthóirí a bhí ar an ngearrliosta tar éis na céime réamhcháiliúcháin. In Eanáir 2010, cuireadh beirt iarrthóirí ar ghearrliosta le leanúint ar aghaidh sa chéad chéim eile de phróiseas soláthair na Dialóige lomaíche. Tá an chuma ar an scéal go mbeidh críoch airgeadais leis an scéim seo i gceathrú ráithe 2010.



Scéim an N11 (An tInbhear Mór, Ráth Naoi agus N7 Chrois an Fhearainn Nua)

Is príomhnasc straitéiseach é an N11 sa líonra náisiúnta bóithre agus tá uasghrádú an N11 á sholáthar in éineacht le huasghrádú acomhal Chrois an Fhearainn Nua mar scéim amháin. Tá an chéim réamhcháiliúcháin den scéim seo críochnaithe agus cuireadh beirt iarrthóirí ar ghearrliosta in Aibreán 2010 le leanúint ar aghaidh i bpróiseas soláthair na Dialóige lomaíche. Tá an chuma ar an scéal go mbeidh críoch airgeadais leis an scéim seo i gceathrú ráithe 2010.

Scéim an M11/N25

Tá Seachród Inis Córthaidh ar an M11 agus Seachród Ros Mhic Thriúin ar an N25 mar chuid de chlár lompar 21. Sheol an an Údarás um Bóithre Náisiúnta an scéim sa chuid luath de 2010 agus cuimsíonn sí thart ar 50 ciliméadar de mhótarbhealach agus de dhébhealach.

Fuarthas aighneachtaí réamhcháiliúcháin in Aibreán 2010. Tá sé mar sprioc go mbeidh críoch airgeadais léi i rith 2011.

An M20 (Luimneach go Corcaigh – An Chuid Dheisceartach)

Táthar ag súil le seoladh na scéime seo i samhradh 2010.

Ceartas agus Athchóiriú Dlí

Campas Príosúin Halla Bhaile na Sceach

Tá sé i gceist ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann campas nua príosúin a fhorbairt ar shuíomh ag Halla Bhaile na Sceach i gContae Bhaile Átha Cliath, rud a bheidh ann in ionad roinnt áitribh sheanchaite phríosúin ar shuíomh Phríosún Mhuinseo.

Cuireadh tús le próiseas iomaíoch chun Forthairgeoir Tosaíochta a cheapadh chun an príosún beartaithe a dhearadh, a thógáil, a chothabháil agus a mhaoiniú, i rith 2006, ach cuireadh deireadh leis seo i mBealtaine 2009 ar bhonn na hinacmhainneachta. D'athluaigh an tAire tiomantas láidir an Rialtais do leanúint ar aghaidh le forbairt príosúin ag Halla Bhaile na Sceach ina dhiaidh sin agus thug sé le fios go gcuirfí moltaí nua faoi bhráid an Rialtais a chuirfeadh na cúinsí reatha eacnamaíocha agus cúinsí margaidh na linne seo san áireamh, lena n-áireofaí praghsanna tairisceana níos iomaíche sa tionscal tógála.

Tá réamhthógáil teachta ar leith ar an suíomh ina coinníoll den toiliú pleanála a bronnadh faoi Acht na bPríosún, 2007. Táthar ag súil leis go dtosófar tógáil an bhóthair theachta i samhradh 2010. Bhí Cás Achoimre Gnó an tionscadail ullmhaithe ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus tá machnamh á dhéanamh air ag an Údarás Ceadaithe faoi láthair.

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

An Córas Íomháithe Leighis Náisiúnta Comhtháite (“CÍLNC”)

Is é cuspóir foriomlán thionscadal an CÍLNC ná réiteach comhtháite gan scannán gan pháipéar a sholáthar d'íomháu raideolaíochta agus cairdeolaíochta ar bhonn náisiúnta. Tá sé i gceist gluaiseacht rialaithe agus thapa sonraí íomhánna othar a éascú ar fud na seirbhíse sláinte.



Chabhraigh an GAFN le measúnú airgeadais a dhéanamh ar na haighneachtaí réamhcháiliúcháin a fuarthas. Chuir sí comhairle ar an FSS chomh maith ar ullmhú an chláir rioscaí agus bhuiséad chostas an tionscadail. Rinneadh measúnú ar thairiscintí i rith 2009 agus d'eisigh an GAFN a tuairim ar Luach ar Airgead in Iúil 2009.

Tá tús curtha le cur i bhfeidhm thionscadal an CÍLNC anois agus beidh sé mar thoradh ar an éifeachtúlacht a sholáthraíonn an tionscadal seo go mbeidh caighdeán feabhsaithe cúram agus sábháilteachta othar i gceist.

Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann

Cuimsíonn an tionscadal seo tógáil bloc barda nua chun 100 leapa athsholáthair a chur ar fáil d'othair chónaitheacha. Sholáthair an GAFN comhairle airgeadais do FSS ar an tionscadal agus eisíodh tuairim ar Luach ar Airgead i Márta 2010

An tOspidéal Náisiúnta Pédiatraiceach

Comhcheanglófar seirbhísí treasacha náisiúnta na n-ospidéal atá ann do leanaí faoi láthair san Ospidéal Náisiúnta Pédiatraiceach nua:

- Ospidéal Mhuire do Leanaí, Cromghlinn
- Ospidéal Ollscoile na Leanaí, Sráid Temple
- An tOspidéal Náisiúnta do Leanaí, Tamhlacht

Leathnóidh sé ról an chúraim shiúlaigh agus laghdóidh sé an spleáchas ar chóireáil othar cónaitheach. Tógfar an tionscadal ar shuíomh Ospidéal Mater Misericordiae agus bhí sé curtha ar aghaidh chuig an GAFN ag FSS le haghaidh comhairle airgeadais i Samhain 2009. Táthar ag súil leis go soláthróidh sé thart ar 400 leapa agus tá an chéim dheartha á chur chun cinn faoi láthair.

Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha

Líonra Achar Cathrach 2

Cumasóidh an tionscadal seo soláthar leathanbhanda do chuid mhaith bailte ar fud na tíre nach bhfuil nascacht dhóthanach leathanbhanda iontu. Bhí tairiscintí faighte ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha i rith 2008 agus bhí an measúnú airgeadais á stiúradh ag an GAFN. Beidh an tionscadal seo á mhaoiniú go suntasach ó ioncam tríú páirtí. Cuireadh críoch airgeadais leis an tionscadal seo in Iúil 2009



Comhshaol, Oidhrecht agus Rialtas Áitiúil

Scéim Chóireála Fuíolluisce Chomhairle Contae Fhine Gall

Sholáthair an GAFN a tuairim ar Luach ar Airgead do Chomhairle Contae Fhine Gall ar an tionscadal seo i Lúnasa 2009. Soláthróidh an conradh deartha, tógála agus oibriúcháin ionad cóireála fuíolluisce i gContae Bhaile Átha Cliath Thuaidh, chomh maith le stáisiún chaidéalúcháin agus píblínte bainteacha. De réir an chonartha seo, soláthraítear seirbhísí oibriúcháin agus cothabhála ar feadh 20 bliain.





RIALACHAS NA GAFN

Tá seachtar comhaltaí ar Bhord na GAFN. Bíonn na gnáthchomhaltaí ceaptha ar feadh téarmaí cúig bliana ag an Aire Airgeadais. Is é Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta Cathaoirleach an Bhoird.

Is é an phríomhfhreagracht atá ar an mBord ná cinntiú go gcomhlíonann an Gníomhaireacht a dualgais reachtúla faoi na hAchtanna agus na Treoirí Aireachta bainteacha..

John C. Corrigan (Cathaoirleach) ¹ (<i>comhalta ex-officio</i>)	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
Brian Murphy (Príomhfheidhmeannach) ² (<i>Ceaptha ar 12 Janúary 2009</i>)	Stiúrthóir Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
Fred Barry (<i>Ceaptha ar 23 Samhain 2005</i>)	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
Liam Berney (<i>Ceaptha ar 13 Samhain 2006</i>)	Oifigeach Tionsclaíoch Comhdháil na gCeardchumann
Ann Fitzgerald (<i>Athcheaptha ar 1 Eanáir 2008</i>)	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin An Gníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí
Stewart Harrington (<i>Ceaptha ar 23 Samhain 2005</i>)	Stiúrthóir Killeen Properties Limited
Tony Jones (<i>Athcheaptha ar 1 Eanáir 2008</i>)	Comhairleach Gnó
Peter McManamon (<i>Athcheaptha ar 1 Eanáir 2008</i>)	Cathaoirleach Ceva Inc

Bhuail an Bord le chéile 6 huairé i rith 2009.

Is gá do Chathaoirleach agus do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin na GAFN fianaise a sholáthar don Choiste um Chuntais Phoiblí de chuid Dháil Éireann. Cuimsíonn a leithéid d'fhianaise rialáil agus cuibheas idirbhearta uile na GAFN, costéifeachtacht agus éifeachtúlacht na GAFN agus na gcóras, na nósanna imeachta agus na gcleachtas a úsáideann an GAFN. Soláthraíodh fianaise don Choiste ar 14 Bealtaine 2009 agus ar 22 Aibreán 2010.

Ba mhaith leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Bord a mbuíochoas a ghabháil as iarrachtaí na foirne uile a bhí páirteach in oibríochtaí na GAFN.

¹ Chuaigh Michael J. Somers ar scor mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus mar Chathaoirleach na GAFN ar 3 Nollaig 2009. Ceapadh John C. Corrigan ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ó 4 Nollaig 2009 agus mar Chathaoirleach na GAFN ar an dáta sin.

² Cheap an Bord Brian Murphy mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar 20 Eanáir 2009. Chuaigh sé in ionad Adrian J. Kearns, fear a chuaigh ar scor ón mBord agus mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar 31 Nollaig 2008.



LIOSTA ÚDARÁIS STÁIT

Seo a leanas liosta de na hÚdaráis Stáit a bhfuil dualgas orthu dul i gcomhairle leis an GAFN le haghaidh comhairle airgeadais maidir le tionscadail mhóra infheistíochta poiblí i láthair na huaire.

Údaráis Stáit mar atá siad liostaithe sa Sceideal atá ag gabháil leis an Acht um GAFN (Leasú), 2007:

- Aire Rialtais
- Údarás áitiúil
- Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn
- An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Ollscoil taobh istigh de chiall Acht na nOllscoileanna, 1997, seachas Coláiste na Tríonóide agus Ollscoil Bhaile Átha Cliath
- Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
- Coláiste taobh istigh de chiall alt 2 d'Acht na gColáistí Réigiúnacha Teicniúla, 1992
- Coiste gairmoideachais taobh istigh de chiall alt 7 den Acht Ghairmoideachais, 1930.
- Seirbhís na gCúirteanna
- Údarás cuain taobh istigh de chiall na nAchtanna Cuanta, 1946 go dtí 1976.
- Bus Átha Cliath
- Bus Éireann
- Córas Iompair Éireann
- An Ghníomhaireacht um Fháil Iarnróid
- An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach
- Aon údarás poiblí atá ann atá forordaithe le hordú



RÁITIS AIRGEADAIS

Cuireann an GAFN comhairle ar Údarás Stáit ar sholáthar agus ar mhaoiniú na dtionscadal. Ach fanann na tionscadail seo ar chlár comhardaithe na Roinne baintí agus ní bhíonn siad le feiceáil i gcuntais na GAFN. Faightear leithdháileadh na Ranna bainteacha do thionscadail CPP sa leithdháileadh ilbhliantúil sa Bhuiséad.

Cuireann Alt 20 den Acht um Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, 2002, dualgas uirthi gach gnáthchuntas ceart a choinneáil i bhfoirm a bheadh faofa ag an Aire Airgeadais. Is gá go mbeadh cuntas ar leith sna cuntais seo ar na táillí agus na speansais riaracháin a bhí tabhaithe ag na GAFN i gcur i gcrích a feidhmeanna. Ach mar a míníodh thuas, tá an fhoireann a bhíonn ag obair ar chúrsaí na GAFN á fostú go heisiach ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

Seo a leanas na speansais riaracháin a bhí tabhaithe ag an GAFN i rith 2009 agus 2008

	2009	2008
	€	€
Táillí agus Speansais an Bhoird	81,900	84,000
Táillí Iniúcháireachta	<u>6,000</u>	<u>6,000</u>
	<u>87,900</u>	<u>90,000</u>

Chomh maith leis na speansais thuasluaite, bhí luach €7,344,722 (2008: €7,664,528) ar na costais riaracháin a bhí tabhaithe ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i gcur i gcrích fheidhmeanna na GAFN i rith 2009. Tá na costais seo san áireamh i speansais riaracháin Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus gearrtar iad ar an gCiste Lárnach. Ní iarrann GBCN aisíoc na gcostas seo ó na hÚdarás Stáit.

RÁITIS AIRGEADAIS NA GNÍOMHAIREACHTA AIRGEADAIS D'FHORBAIRT NÁISIÚNTA

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2009

An Bord agus Eolas Eile	26
Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta	27
Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	28
Tuarascáil na nIníúcháirí	30
Polasaithe Cuntasaíochta	32
An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	33
An Cuntas Riaracháin	34
An Clár Comhardaithe	35
Nótaí ag gabháil leis na Cuntais	36

COMHALTAÍ AN BHOIRD AGUS EOLAS EILE

COMHALTAÍ AN BHOIRD

John C. Corrigan *– Cathaoirleach

Brian Murphy – Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Fred Barry

Liam Berney

Ann Fitzgerald

Stewart Harrington

Tony Jones

Peter McManamon

* Bhí Michael J. Somers ina Chathaoirleach go dtí go ndeachaigh sé ar scor ón mBord ar 3 Nollaig 2009.
Ceapadh John C. Corrigan ina Chathaoirleach ar 4 Nollaig 2009.

INIÚCHÓIRÍS

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Caisleán Bhaile Átha Cliath

Baile Átha Cliath 2

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA GNÍOMHAIREACHTA


De réir an Achta um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, 2002, tá dualgas ar an nGníomhaireacht ráitis airgeadais a ullmhú maidir lena hoibríochtaí i rith gach bliain airgeadais.

Agus na ráitis seo á n-ullmhú, is gá don Ghníomhaireacht:


- polasaithe cuntasáíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- breitheanna a thabhairt agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin má tá a leithéid míchuí;
- Aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin bhainteacha chuntasáíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as na gnáthchuntais chearta go léir a choinneáil ar gach airgead a bhíonn faighte nó caite aici agus as taifid chuntasáíochta a choinneáil ina nochtar go réasúnta cruinn céard é staid airgeadais na Gníomhaireachta ag am ar bith, i bhfoirm a d'fhéadfadh a bheith faofa ag an Aire Airgeadais.

Anuas air sin, tá an Ghníomhaireacht freagrach as sócmhainní atá faoina smacht a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh dá réir chun calaíoch agus neamhréireanna eile a chosc agus a bhrath.



John C. Corrigan
Cathaoirleach
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta



Brian Murphy
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

25 Meitheamh 2010

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Freagracht as córas de Rialú Inmheánach Airgeadais

Aithnímid an fhreagracht atá ann as a chinntiú go gcoinnítear agus go n-oibrítear córas éifeachtach de rialú inmheánach airgeadais, thar ceann na Gníomhaireachta Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta ("An GAFN").

Soláthraíonn an córas cinnteacht réasúnta, gan a bheith iomlán, go bhfuil sócmhainní á gcosaint, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadh i gceart agus go gcoisctear earráidí nó neamhréireanna ábhartha nó go mbraithfí iad in am tráthúil.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithees

De réir Alt 11 den Acht um Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, 2002, cuireann an GAFN a feidhmeanna i gcrích trí Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("GBCN").

Tá bearta déanta ag an mBord i gcomhar le GBCN chun timpeallacht rialaithe oiriúnach a chinntiú maidir leis an GAFN trí:

- na freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú le haghaidh chur i gcrích ghnó na GAFN;
- bhunú Chód Iompraíochta na GAFN um Bainistiú Coimhlintí Leasa;
- bhunú nósanna imeachta foirmiúla do thuariscí teipeanna suntasacha rialaithe agus chun gníomhú ceartaithe cuí a chinntiú.

Ullmhaíodh measúnú foirmiúil rioscaí d'fhonn na príomhrioscaí gnó atá roimh an GAFN a aithint. Ullmhaíodh clár rioscaí ina ndéantar taifeadh ar na rioscaí a aithnítear agus ar an rialú atá curtha i bhfeidhm chun tionchar na bpríomhrioscaí inrialaithe a mhaolú. D'fhaomh Bord na GAFN polasaí bainistíochta rioscaí.

Tá an córas de rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat d'eolas rialta bainistíochta, nósanna imeachta riaracháin a chuimsíonn deighilt dualgas agus córas de tharmligean agus de chuntasacht. Gné speisialta atá i gceist ná:

- córas cuimsitheach buiséadaithe do chostais riaracháin na GAFN a bhíonn íoctha ag GBCN seachas costais de chuid Bhord na GAFN;
- spriocanna a shocrú chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas;
- disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal;
- polasaí ar sholáthar atá sainmhínithe go soiléir;


RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS (Ar lean)

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag GBCN, rud a oibríonn de réir an Chreat-Chóid Ardchleachtais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais ar Rialachas Comhlachtaí Poiblí. Cuirtear le hobair na hiniúcháireachta inmheánaí le hanailís ar na rioscaí oibríochtúla a mbíonn an GAFN nochta dóibh agus bíonn pleananna iniúcháireachta inmheánaí bliantúla bunaithe ar an anailís seo. Soláthraíonn an tlniúcháir Inmheánach tuarascáil ar ghníomhaíocht iniúcháireachta inmheánaí do Bhord GBCN agus na GAFN go bliantúil ar a laghad. Cuimsíonn an tuarascáil tuairim an Iniúcháir Inmheánaigh ar leorgacht agus ar éifeachtacht an chórais de rialú inmheánach airgeadais.


Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais de rialú inmheánach airgeadais ag GBCN á dtacú le hobair an iniúcháir inmheánaigh (PricewaterhouseCoopers i láthair na huair), na bainisteoirí feidhmiúcháin taobh istigh de GBCN a bhfuil freagracht orthu as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais agus ag tráchtanna a dhéanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó tuarascálacha eile. Chomh maith leis sin, bíonn ball de Bhord na GAFN páirteach i gCoiste Iniúcháireachta GBCN ar son leasanna Bhord na GAFN agus coinníonn sé/sí Bord na GAFN ar an eolas faoina leithéid de chúrsaí a bheadh bainteach leis an GAFN.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialú

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar éifeachtacht an chórais de rialú inmheánach airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009.



John C. Corrigan
Cathaoirleach
An Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta



Brian Murphy
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

25 Meitheamh 2010

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIS CUNTAS AGUS CISTE DO CHUR I LÁTHAIR DO THITHE AN OIREACHTAIS.

Tá ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais iniúchta agam don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009 faoin Acht um Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais 2002.

Tá na ráitis airgeadais, a bhí ullmhaithe faoi na beartais chuntasaíochta leagtha amach ann, déanta suas de Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Cuntas Riaracháin, an Clár Comhardaithe agus na nótaí ábhartha.

Freagrachtaí ar Leith den Gníomhaireacht agus den Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá an Gníomhaireacht freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir leis an Acht um Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais 2002, agus as a dheimhniú go mbaineann rialtacht leis na hidirbhearta. Ullmhaíonn an Gníomhaireacht na ráitis airgeadais i gcomhréir le Cleachtas Cuntasaíochta Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta na Gníomhaireachta leagtha amach sa Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Gníomhaireachta.

An cúram atá ormsa ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais mar atá leagtha amach sa reachtaíocht cuí agus de réir Chaighdeáin Iniúcháireachta Idirnáisiúnta (An Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tugaim tuairisc de mo thuairim maidir le tabhairt léargais fhíor agus chothrom ag na ráitis airgeadais, i gcomhréir le Cleachtas Cuntasaíochta Coitianta in Éirinn. Tugaim tuairisc ar mo thuairim féin chomh maith maidir le coimeád leabhar cuntasaíochta cearta. Ina theannta sin, luaim an bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na leabhair chuntasaíochta.

Tugaim tuarascáil d'aon uair suntasach nuair nach raibh airgead curtha i bhfeidhm do na cuspóirí a beartaíodh dó ar dtús, nó áit nach raibh na bearta i gcomhlíonadh leis na húdaráis rialaithe.

Tugaim tuairisc chomh maith muna bhfuair mé an eolas agus na mínithe go léir gur gá leo do chuspóirí m'iniúchadh.

Déanaim athbhreithniú maidir le léiriú chomhlíonadh na Gníomhaireachta san Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais leis an gCód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit, agus tuarascáil ar aon uair suntasach nuair nach ndéantar a leithéad, nó má tá an ráiteas míthreorach nó neamhréireach le eolas eile a táim d'fheasacht air de bharr m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Níl sé riachtanach dom breithniúchán a dhéanamh maidir le clúdach an Ráitis ar Rialú Inmheánach Airgeadais ar gach riosca airgeadais agus rialúcháin, nó tuairim a chur trasna maidir le héifeachtúlacht na nósanna imeachta riosca agus rialúcháin.

Léim eolas eile atá ar fáil sa Tuarascáil Bhliantúil, agus déanaim breithniú maidir lena gcomhsheasmhacht leis na ráitis airgeadais iniúchta. Déanaim breithniúcháin ar na himpleachtaí do mo thuarascáil má éirím feasach ar aon mhíríteas dealraitheach nó neamhchomhsheasmhacht suntasach leis na ráitis airgeadais.

Bunús Tuairime Iniúchta

Agus mé ag cleachtadh m'fheidhm mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire) eisithe ag an Bord um Chleachtais Iniúcháireachta, agus trí thagairt do na breithnithe ar leith a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus oibriú. Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tastála, d'fhianaise a bhaineann le méideanna agus nochtadh agus rialtacht na mbeart airgeadais atá san áireamh sna ráitis airgeadais. San áireamh ann chomh maith tá measúnacht ar na meastacháin agus breithiúnais suntasacha a bhí déanta in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus measúnacht maidir le hoiriúnacht na mbeartas cuntasáochta do chúinsí na Gníomhaireachta - an bhfuil siad curtha i bhfeidhm go leanúnach agus nochtta go leorcheart.

Pleanáil mé agus thóg mé faoi m'iniúchadh sa slí is go mbeadh an t-eolas agus na mínithe go léir a cheap mé a raibh riachtanach ar fáil dom, ionas go mbéinn soláthartha le dóthain fianaise chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas suntasach, cé acu de bharr calaoise nó mírialtacht eile nó earráid. Agus an tuairim sin á fhoirmiú agam, rinne mé measúnacht chomh maith ar acmhainneacht fhoriomlán an eolais sna ráitis airgeadais.

Tuairim

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom, i gcomhréir le Cleachtas Cuntasáochta Coitianta in Éirinn, ar ghnóthaí na Gníomhaireachta ar an 31 Nollaig 2009, agus ar a hioncam agus caiteachas don bhliain dar críoch ansin.

I mo thuairim, bhí leabhair chuntasáochta chearta coimeáda ag an nGníomhaireachta. Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na leabhair chuntasáochta.



John Buckley
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
25 Meitheamh 2010

POLASAITHE CUNTASAÍOCHTAS

Cúlra

Bunaíodh an Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (an "GAFN") ar ordú an Aire Airgeadais ar 1 Eanáir 2003, faoin Acht um Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, 2002.

Is iad na polasaithe cuntasáíochta suntasacha ar glacadh leo maidir leis an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta ná na cinn seo a leanas: -

Bunús an ullmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir an Achta um Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, 2002, i bhformáid a bhí faofa ag an Aire Airgeadais.

Tugann na ráitis airgeadais achoimre ar idirbhearta agus ar staid airgeadais na Gníomhaireachta Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta.

Tréimhse Thuairiscithe

Is é an tréimhse thuairiscithe ná an bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009.

Airgeadra Tuairiscithe

Is é an euro an t-airgeadra tuairiscithe, rud a thaispeántar leis an siombal €.

Aithint Ioncaim

Déantar cuntas ar ioncam ar bhonn fabhraithe.

Speansais

Déantar cuntas ar speansais sa bhliain ina bhfuil siad dlite.


De réir an Achta um Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, 2002, ní ghearrtar ach costais dhíreacha a bhíonn tabhaithe ag an nGníomhaireacht Náisiúnta d'Fhorbairt Náisiúnta ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais. Bíonn gach costas riaracháin eile á thabhu ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus nochtar iad i bhfoirm nóta amháin.

Gearrtar táillí agus speansais a bhíonn tabhaithe maidir le feidhmeanna maoinithe agus comhairleacha na Gníomhaireachta ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus bíonn siad aisíochta ag an Údarás Stáit bainteach.


CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

	Notaí	2009 €	2008 €
Ioncam	1	4,573,316	2,410,730
Táillí agus speansais tionscadal	2	(4,485,416)	(2,320,730)
Aistriú chuig an gCuntas Riaracháin	3	<u>(87,900)</u>	<u>(90,000)</u>
Glanioncam don tréimhse		<u>Nil</u>	<u>Nil</u>



John C. Corrigan
Cathaoirleach
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta




Brian Murphy
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

25 Meitheamh 2010


AN CUNTAS RIARACHÁIN

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

	Nótaí	2009 €	2008 €
Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	3	87,900	90,000
Speansais riaracháin na Gníomhaireachta	4	<u>(87,900)</u>	<u>(90,000)</u>
Glanioncam\glanchaiteachas)		<u>Nil</u>	<u>Nil</u>



John C. Corrigan
Cathaoirleach
An Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta



Brian Murphy
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta


25 Meitheamh 2010

Tá an ráiteas ar pholasaithe cuntasáíochta agus nótaí 1 go dtí 11 mar chuid de na cuntais seo.

AN CLÁR COMHARDAITHE

31 Nollaig 2009

	Nótaí	2009 €	2008 €
Sócmhainní			
Féichiúnaithe	5	553,372	446,455
Dlíteanais			
Creidiúnaithe	6	<u>553,372</u>	<u>446,455</u>
Iomlán na Sócmhainní lúide Dlíteanais		<u>Nialas</u>	<u>Nialas</u>
In ionannas do			
Chúlchistí Carnacha	8	<u>Nialas</u>	<u>Nialas</u>



John C. Corrigan
Cathaoirleach
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta



Brian Murphy
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

25 Meitheamh 2010

Tá an ráiteas ar pholasaithe cuntasafíochta agus nótaí 1 go dtí 11 mar chuid de na cuntais seo.

NÓTAÍ AG GABHÁIL LEIS NA CUNTAIS

1. Ioncam

	2009	2008
	€	€
Aisíocaíocht speansas comhairleach ó Údaráis Stáit	4,485,416	2,320,730
Ciste Lárnach (nóta 7(a))	87,900	90,000
	<u>4,573,316</u>	<u>2,410,730</u>

2. Táillí agus speansais tionscadal

Gearrtar táillí agus speansais a bhíonn tabhairthe ag an nGníomhaireacht i gcur i gcrích a feidhmeanna maoinithe agus comhairleacha maidir le tionscadail infheistíochta poiblí ar leith ar chaiteachas, de réir an Achta um Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (Leasú), 2007.

	2009	2008
	€	€
Táillí comhairleachta	3,169,345	1,506,431
Táillí dlíthiúla	1,278,616	814,299
Speansais eile tionscadal	37,455	-
	<u>4,485,416</u>	<u>2,320,730</u>

3. Aistriú chuig an gCuntas Riaracháin ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais

Is ionann an €87,900 seo (2008 - €90,000) agus an méid atá de dhíth chun costais áirithe riaracháin de chuid na Gníomhaireachta a íoc.

4. Speansais Riaracháin

Tá cur síos thíos ar speansais riaracháin na Gníomhaireachta thíos ar bhonn fabhairthe:

	2009	2008
	€	€
Táillí agus speansais an Bhoird	81,900	84,000
Táillí iniúcháireachta	6,000	6,000
	<u>87,900</u>	<u>90,000</u>

In éineacht leis na speansais thuas, bhí luach €7,344,722 (2008: €7,664,528) ar na costais riaracháin a bhí tabhairthe ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i gcur i gcrích fheidhmeanna na GAFN. Tá na costais seo de chuid GBCN san áireamh sna speansais riaracháin de chuid Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus gearrtar iad ar an gCiste Lárnach. Ní iarrann GBCN aisíoc na gcostas seo ó na hÚdaráis Stáí

4. Speansais Riaracháin (Ar lean)

Is é an costas iomlán a bhí ar oibriú na Gníomhaireachta i rith na bliana ná €11,918,038 (2008: €10,075,258), méid a bhí maoinithe mar seo a leanas:

	2009	2008
	€	€
Táillí agus speansais tionscadal a gearradh arís ar Údaráis Stáit	4,485,416	2,320,730
Táillí agus speansais riaracháin a ghearr an Gníomhaireacht ar an gCiste Lárnach.	87,900	90,000
Táillí agus speansais riaracháin a bhí íoctha ag GBCN agus gearrtha ar an gCiste Lárnach.	<u>7,344,722</u>	<u>7,664,528</u>
	<u>11,918,038</u>	<u>10,075,258</u>

5. Féichiúnaithe

	2009	2008
	€	€
Infhála ó Údaráis Stáit	547,372	410,516
Infhála ó GBCN	-	23,939
An Ciste Lárnach	<u>6,000</u>	<u>12,000</u>
	<u>553,372</u>	<u>446,455</u>

6. Creidiúnaithe

	2009	2008
	€	€
Méideanna dlíte don Chiste Lárnach (nóta 7(b))	161,998	33,113
Táillí comhairleachta agus dlíthiúla iníoctha	236,198	367,193
Cáin shiarchoinneálach iníoctha ar Sheirbhísí Gairmiúla	149,176	40,149
Speansais fhabhráithe	<u>6,000</u>	<u>6,000</u>
	<u>553,372</u>	<u>446,455</u>

NÓTAÍ AG GABHÁIL LEIS NA CUNTAIS (ar lean)

7. An Ciste Lárnach

(a) Tarraingítear speansais riaracháin na GAFN ón gCiste Lárnach. Ullmhaítear na cuntais ar bhonn fabhráithe. Déantar loncam an Chiste Lárnaigh a chomhréiteach le hairgead tirim a tarraingíodh do speansais mar seo a leanas:

	2009	2008
	€	€
Méideanna a tarraingíodh ón gCiste Lárnach	93,900	89,500
Méadú / (laghdú) ar fhéichiúnaí Ciste Lárnaigh	(6,000)	500
Speansais Riaracháin (Nóta 4)	<u>87,900</u>	<u>90,000</u>

(b) Bíonn méideanna á réamhíoc ón gCiste Lárnach chun iocaíocht táillí agus speansas seachtrach comhairleach a bhíonn tabhaithe ag an nGníomhaireacht a mhaoiniú i gcur i gcrích a feidhmeanna maoinithe agus comhairle maidir le tionscadail infheistíochta poiblí ar leith. Bíonn na táillí agus na speansais seo á n-athéileamh ó Údarás Stáit agus bíonn na méideanna a réamhíochtar aisíochta leis an Státchiste. Mínítear an ghluaiseacht i méideanna a réamhíocadh leis an GAFN i rith na tréimhse mar seo a leanas:

	2009	2008
	€	€
Iarmhéid tosaigh	33,113	483,631
Méideanna réamhíochta i rith na tréimhse	3,862,710	1,731,030
Méideanna a aisíocadh i rith na tréimhse	(3,733,825)	(2,181,548)
Méideanna dlite don Chiste Lárnach ag deireadh na tréimhse (Nóta 6)	<u>161,998</u>	<u>33,113</u>

8. Cúlchistí Carnacha

	2009	2008
	€	€
Glanioncam na tréimhse	-	-
Iarmhéid deiridh	<u>Nil</u>	<u>Nil</u>

9. Dliteanais theagmhasacha

Ní raibh aon dliteanais theagmhasacha ag an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta ar 31 Nollaig 2009.

10. Páirtithe bainteacha

An tAire Airgeadais

Bhí comhaltaí Bhord na Gníomhaireachta Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, mar atá luaite ar leathanach 3, bhí siad ceaptha ag an Aire Airgeadais faoi Alt 12 den Acht.

Is féidir leis an Aire aisíocaíocht iasachtaí na Gníomhaireachta nó aon chomhlacht a bhfuil cuspóir speisialta ag baint leis a bhí cruthaithe ag an nGníomhaireacht i gcur i bhfeidhm a gníomhaíochtaí a ráthú, faoi Alt 7 den Acht. Níor tugadh a leithéid de ráthaíochtaí i rith na tréimhse.

Gníomhaireacht Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta

De réir Alt 11 den Acht um Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, 2002, cuireann an GAFN a feidhmeanna i gcrích trí Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("GBCN").

11. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar 29 Aibreán 2010.



Gníomhaireacht Náisiúnta
d'Fhorbairt Airgeadais

Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

Áras an Chisteáin,
Sráid na Canála Móire,
Baile Átha Cliath 2
Éire

Teil 353 1 664 0800

Facs 353 1 676 6582

Email info@ndfa.ie

Web www.ndfa.ie

Tá an tuarascáil seo phriontáil ar pháipéar 100% athchúrsáilte.